An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe
Approved Housing Bodies Regulatory Authority

Lámhleabhar Iarrthóra ÚRCTC

Reáchtálfaidh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) comórtas chun duine a cheapadh don phost seo a leanas:

ANAILÍSÍ TFC agus RIALÁLA

(Grád 5 - Oifigeach Foirne)

Dáta deiridh: 5pm an 28 Bealtaine 2024

Tá ÚRCTC tiomanta do bheartas comhionannais deiseanna.

Ceapadh 'Sigmar Recruitment Consultants Limited' chun riaradh an phróisis earcaíochta agus roghnaithe a bhainistiú.

Sigmar Recruitment Consultants Ltd.

13 Sráid Hume, Baile Átha Cliath 2

Teileafón: (353) 1 4744675

Sigmar Recruitment

An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe
Approved Housing Bodies Regulatory Authority

Teideal:	**Grád 5 – Anailísí TFC agus Rialála**
Fostóir:	**An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe**
Tuarastal:	**€49,214 (Bunleibhéal)**
Leibhéal:	**Oifigeach Foirne (Grád 5) (Scála Caighdeánach)**
Áit:	**Lár Chathair Bhaile Átha Cliatha (Obair Chumaisc)**
Dáta deiridh:	**5pm an 28 Bealtaine 2024**

CÚLRA ÚRCTC

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, ar a dtugtar ÚRCTC, i mí Feabhra 2021 chun maoirseacht a dhéanamh ar rialachas éifeachtach, ar bhainistíocht airgeadais agus ar fheidhmíocht comhlachtaí tithíochta deonacha agus comhoibritheacha, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá leagtha amach san Acht Tithíochta (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil) 2019 (an tAcht).

Tá sé de chúram ar ÚRCTC Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) a rialáil chun tacú le rialachas níos láidre agus le hinmharthanacht airgeadais na hearnála CTC, agus béim ar leith á leagan ar chosaint na hinfheistíochta suntasaí poiblí atá á déanamh i soláthar tithíochta sóisialta ag CTCanna.

Is é aidhm ÚRCTC dearbhú a thabhairt d'infheisteoirí, do thionóntaí, don rialtas agus don earnáil CTC féin go n-oibríonn soláthraithe tithíochta sóisialta i dtimpeallacht dhea-rialáilte sheasmhach.

PRÍOMHFEIDHMEANNA NA hEAGRAÍOCHTA

Tá ÚRCTC freagrach as roinnt feidhmeanna, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- clár CTCanna a bhunú agus a choinneáil cothrom le dáta.
- daoine a chlárú mar CTCanna.
- dréachtchaighdeáin a ullmhú lena gceadú ag an Aire agus iad a fhoilsiú.
- monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh ag CTCanna.
- fiosrúcháin a dhéanamh faoi Chuid 5 (den Acht).
- tionóntaí agus CTCanna a chosaint agus clárú CTCanna a dhéanamh neamhbhailí.
- rialachas, riarachán agus bainistíocht níos fearr CTCanna a spreagadh agus a éascú, lena n-áirítear rialachas corparáideach agus bainistíocht airgeadais na CTCanna.
- aird an phobail a tharraingt ar an Acht agus cur lena thuiscint air.
- cibé faisnéis a bhailiú maidir le CTCanna a mheasann an rialálaí a bheith riachtanach agus iomchuí chun feidhmeanna an rialálaí a fheidhmiú.

- Faisnéis dá leithéid a fhoilsiú (agus faisnéis staitistiúil san áireamh) a bhaineann le CTCanna, de réir mar is iomchuí leis an rialálaí.

SONRAÍOCHT PHOIST

Tá ÚRCCT ag lorg Anailísí TFC agus Rialála (Grád 5 - Oifigeach Foirne) le bheith páirteach ina fhoireann.

Ag tuairisciú dó nó di don bhainisteoir sinsearach rialála, beidh an t-iarrthóir rathúil páirteach i róil éagsúla laistigh de thimpeallacht dhinimiciúil rialála.

Is ról hibride é ról an Anailísí TFC agus Rialála i réimse na rialála lena n-áirítear clárú, measúnú agus maoirseacht rialála chomh maith le bainistíocht inmheánach TFC lena n-áirítear idirchaidreamh a dhéanamh le lucht tacaíochta seachtrach TFC, bainistíocht sonraí agus tionscadail TFC.

Leis an ról seo, tugtar deis d'fhás suntasach do dhaoine aonair ar mian leo a gcuid eolais, scileanna agus saineolais a mhéadú.

PRÍOMHDHUALGAIS & PRÍOMHFHREAGRACHTAÍ

Áireofar an méid seo leanas le dualgais agus freagrachtaí an iarrthóra rathúil:

Bainistíocht agus Tuairisciú Sonraí

- Tacú le bainistiú córas CRM agus clárúcháin ÚRCCT.
- Cuidiú le sonraí a chruthú, a fhorbairt agus a chothabháil, lena n-áirítear na riachtanais go léir maidir le cothabháil agus feabhsuithe a bhailiú.
- Tacú le hailtireacht sonraí, tuairisciú agus bainistíocht sonraí ÚRCCT.
- Tuarascálacha agus deais a chruthú agus a chothabháil.
- Tacú le forbairt agus le cur chun feidhme beartas, nósanna imeachta agus treoirlínte (BNITanna) chun comhsheasmhacht agus cáilíocht ghabháil sonraí agus faisnéise na heagraíochta, agus próisis anailíse a chinntiú.

Tacaíocht Bainistíochta TFC

- Tacú le forbairt TFC nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme in éineacht le hAnailísí Gnó, de réir mar is cuí.
- Úsáid éifeachtach TFC a chur chun cinn chun tacú le gnó na heagraíochta
- Oiliúint TF a sholáthar do bhaill ÚRCCT.
- Comhoibriú le comhghleacaithe in ÚRCCT, eagraíochtaí seachtracha éagsúla agus le tríú páirtithe lena n-áirítear díoltóirí.
- Cuidiú le bainistíocht agus le hidirchaidreamh le Soláthraí TFC seachfhoinsithe.
-

Feidhm Rialála

- Eolas an CCT a mheasúnú agus a luacháil chun rioscaí agus treochtaí comónta a aithint.
- Tuairisciú a chur chun críche ar mheasúnú rialála.
- Teagmháil agus oibriú leis na CCTanna de réir forálacha reachtúla.
- Cuidiú le hincháilitheacht, clárú, cealú agus cláir réime rialála a bhainistiú.
- Cuidiú le treoraíocht agus oideachas a sholáthar.
- Cuidiú le forbairt agus soláthar polasaithe agus nósanna imeachta.

CRITÉIR CHÁILITHEACHTA

Ní mór d'iarrthóirí na ceanglais fhíor-riachtanacha seo a leanas a bheith acu sula gceapfar iad:
Céim tríú leibhéal nó taithí 3+ bliana in aon cheann de na réimsí ábhartha seo a leanas amhail rialáil, comhlíonadh, dlí, rialachas, airgeadas, tithíocht, bainistíocht riosca, an earnáil charthanachta, dearbhú, clárú, measúnú, bainistíocht maoine, bainistíocht tionóntachta nó anailís sonraí.

Tá bliain amháin ar a laghad ag obair i ról TFC riachtanach.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe chun maireachtáil agus obair in Éirinn.

CRITÉIR FHÍOR-RIACHTANACHA

- bíodh an-chúram de na mionsonraí agat.
- scileanna cumarsáide scríofa agus labhartha den scoth.
- taithí ar chumarsáid éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.
- taithí ar léirmhíniú agus ar mheasúnú faisnéise agus sonraí.
- taithí ar éilimh chontrártha agus ar fhreagairt ar spriocdhátaí teanna nuair is gá.

CRITÉIR INMHIANAITHE

- bheadh buntáiste ann dá mbeadh taithí agat maidir le rialáil, airgeadas, iniúchadh, cigireacht nó comhlíonadh.
- scileanna anailíse le cumas sonraí agus faisnéis bhainistíochta a cheistiú chun patrúin a aithint, príomhthéamaí agus torthaí a tharraingt amach chun tacú le cinntí.
- taithí ar oibriú in eagraíocht chomhchosúil.

- bheadh buntáiste ar leith ag baint le taithí roimhe seo mar rialálaí.

PRÍOMHINNIÚLACHTAÍ MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT ÉIFEACHTÚIL AG AN nGRÁD SEO

Ní mór d'iarrthóirí a léiriú, trí thagairt a dhéanamh d'éachtaí sonracha atá déanta acu ina ngairm bheatha go dtí seo, go bhfuil na cáilíochtaí, na scileanna agus an t-eolas seo a leanas acu atá riachtanach don ról mar Anailís TFC agus Rialála.

Scileanna Cumarsáide

Scileanna cumarsáide sármhaithe agus an cumas aige/aici dea-chaidrimh oibre a fhorbairt agus a choimeád agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le raon leathan de sprioclúchtanna.

Obair Foirne

Cothaíonn an t-iarrthóir timpeallacht oibre foirne, agus obair á déanamh mar chuid d'fhoireann d'fhonn a áirithiú go seachadtar pleananna agus sceidil, agus faisnéis agus eolas á gcomhroinnt de réir mar is iomchuí.

Scileanna Eagrúcháin

In ann obair/tascanna a phleanáil, a chur in ord tosaíochta, a eagrú agus a sceidealú d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i gcrích in am agus de réir na sonraíochta iad.

Anailís agus Cinnteoireacht

An cumas faisnéis a mheasúnú maidir le fadhb, an fhaisnéis a anailísiú agus réiteach a mholadh.

Eolas Speisialtóra

Tuiscint ar rialáil, airgeadas, rialachas, dlí nó comhlíonadh.

SCÁLA PÁ

Scála Oifigeach Foirne (Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta) ón 01/01/2024

Pointe ar an Scála	Tuarastal
1	**€49,214**
2	**€50,686**
3	**€52,187**
4	**€53,719**
5	**€55,263**
BFS 1	**€57,062**
BFS 2	**€58,867**

Nóta Tábhachtach
Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme go díreach roimh an gceapachán, más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís é/í an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi.

Faoi réir feidhmíochta sásúil, féadfar incrimintí a íocadh de réir Bheartas reatha an Rialtais. (Féach alt 2.19 de Chomhaontú Bhóthar Haddington maidir le hathruithe le déanaí.)

ÁIT:

Teach Grattan, an 4ú Urlár, 67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

OBAIR CHUMAISC

Tá ÚRCTC tiomanta do sheachadadh den chéad scoth maidir lenár réimse leathan seirbhísí agus do cháilíocht ár seirbhís do chustaiméirí. Sa chomhthéacs seo, tá beartas oibre cumaisc curtha i bhfeidhm ag ÚRCTC agus ár dtiomantas á choinneáil againn do sheachadadh seirbhísí ar an gcaighdeán is airde. Tacaíonn obair chumaisc le hobair foirne éifeachtach, cothaíonn sé dea-chaidrimh oibre, agus coinníonn sé muintearas. Tá gach fostaí i dteideal iarratas a dhéanamh ar obair chumaisc.

NA hUAIREANTA A BHEIDH AHBRA I LÁTHAIR

Is iad na gnáthuaireanta gnó don ÚRCTC ná 9 go 5, ó Dé Luain go Dé hAoine.

SAOIRE BHLIANTÚIL

Is é 22 lá an tsaoire bhliantúil don ról seo, rud atá bunaithe ar sheachtain oibre cúig lá agus gan laethanta saoire poiblí reachtúla san áireamh.

Réamhsheirbhís sa Státseirbhís a Ríomh maidir le Ceapachán nó Ardú Céime go Post Nua: Féadfaidh oifigigh seirbhíse a cheapfar nó a bhfuair ardú céime chuig post nua an liúntas saoire bliantúla atá acu faoi láthair a choinneáil más mó é ná an liúntas a bheadh i bhfeidhm murach sin. Tá sé seo faoi réir nach sáraítear an t-uasliúntas a bhaineann leis an bpost nua, áfach.

SOCHAIR EILE MAIDIR LE BHEITH AG OIBRE DON ÚRCTC

- Post buan inphinsin.
- Uaireanta oibre solúbtha laistigh de theorainneacha sainithe.
- Saoire bhliantúil de 22 lá.
- Tuarastal earnála poiblí agus ardú pá ar bhonn incriminteach ag baint leis (scála Grád 5).
- Timpeallacht oibre hibrideach le huaireanta oibre solúbtha.

- Deiseanna forbartha pearsanta trí oideachas acadúil atá urraithe ag fostóirí, saoire staidéir íoctha agus cláir oiliúna agus forbartha inmheánacha.
- Timpeallacht oibre dhinimiciúil agus idirghníomhach.
- Deiseanna dul chun cinn gairme.
- Éascú ticéad taistil Coigiltis Cánach agus scéim na Rothar chun na hOibre.
- Páirceáil ar an láthair le haghaidh rothar.
- Oifig nua-aimseartha i lár na cathrach, suite in aice le Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, atá inrochtana go héasca ar an DART, agus go leor bealaí bus.

AOISLIÚNTAS, SCOR & SEIRBHÍSIGH PHOIBLÍ ROIMHE SIN

Is é 66 an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha (ag ardú go 67 agus 68) i gcomhréir le hathruithe ar aois an Phinsin Stáit.

Cinnfear an **Aois Scoir** de réir na gciorclán ábhartha ranna rialtais.

Laghdú Pinsin

- Más rud é gur fostaíodh an ceapaí sa Státseirbhís roimhe seo agus go bhfuil sé/sí ag fáil pinsin ón Státseirbhís beidh feidhm ag gnáthrialacha laghdaithe. É sin ráite, má fostaíodh an ceapaí sa Státseirbhís roimhe seo agus dá mbronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe luathscoir deonacha (seachas an Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER) nó An Roinn Ciorcláin Sláinte 7/2010 VER/VRS, rud a fhágann, agus mar atá léirithe thuas, nach bhfuil duine incháilithe don chomórtas), scoirfidh an teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha. Déanfar socruithe ar leith, áfach, chun seirbhís a thug an ceapaí roimhe sin a ríomh chun críche aon dámhachtana aoisliúntais amach anseo a bhféadfaidh an ceapaí a bheith incháilithe ina leith.

- Má fostaíodh an ceapaí sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo, tabhair faoi deara go n-áirítear san Acht um Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 foráil a leathnaíonn laghdú pinsin maidir le gach Státseirbhíseach agus Seirbhíseach Poiblí a ath-fhostaítear sa chás go bhfuil pinsean Seirbhíse Poiblí á íoc. Tháinig an fhoráil seo chun laghdú a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí níos leithne i bhfeidhm an 1 Samhain 2012.

- D'fhéadfadh impleachtaí pinsin a bheith aige seo ar aon duine a cheapfar don phost seo atá ag fáil pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí faoi láthair nó a bhfuil pinsean caomhnaithe Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí acu, rud a n-íocfar le linn dó/di a bheith fostaithe sa phost seo.

Seirbhísigh Phoiblí Roimhe Seo

Cé gurb é ballraíocht na Scéime Aonair na téarmaí pinsin réamhshocraithe, b'fhéidir nach mbeadh feidhm aige maidir le ceapaithe áirithe. Tugtar sonraí iomlána san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012 maidir leis na

coinníollacha a rialaíonn cibé acu an bhfuil seirbhíseach poiblí mar bhall den Scéim Aonair nó nach bhfuil.

AN PRÓISEAS ROGHNAITHE

Conas Iarratas a Dhéanamh

- Tá clár earcaíochta agus iarratais ÚRCTC á tacaithe ag Sigmar Ltd.
- Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a sholáthar:
  a) foirm iarratais ÚRCTC chomhlánaithe.
- Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú.
- Déanfar iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis arna cur ar fáil.
- Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána le haghaidh gearrliostaithe.
- Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta/ama dheiridh.
- Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son.
- Ba cheart iarratais a chlóscríobh agus a chur isteach i bhformáid PDF chuig ahbrajobs@sigmar.ie. Ba cheart aon cheist a chur ar aghaidh chuig an ríomhphost sin freisin.

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis an bPróiseas Roghnaithe:

- Foirm Iarratais a chur isteach
- Triail infheidhmeachta
- Eolas Teicniúil nó cleachtadh bunaithe ar scileanna
- Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an eolas atá ina bhfoirm iarratais
- Agallamh tosaigh/réamhagallamh
- Cur i láthair nó cleachtaí eile
- Agallamh iomaíoch deiridh
- Aon tástálacha nó cleachtaí eile a mheastar a bheith iomchuí

Ina theannta sin, ní mór d'iarrthóir a n-éiríonn leis/léi a bheith ceart go leor de réir leighis chun dul i mbun an cheapacháin.

Is gnách go sáraíonn líon na n-iarratas a fhaightear ar phost an líon a theastaíonn chun folúntais reatha agus amach anseo a líonadh. Cé go mb'fhéidir go gcomhlíonfaidh tú riachtanais incháilitheachta an chomórtais, má bhíonn líon na n-iarratas ar an bpost chomh mór sin is nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar

gach duine, féadfaidh ÚRCCT a chinneadh nach gcuirfear ach líon níos lú iarratasóirí faoi agallamh.

Maidir leis sin, soláthraíonn ÚRCCT próiseas gearrliostaithe chun grúpa a roghnú le haghaidh agallaimh ar cosúil, bunaithe ar scrúdú ar na foirmeacha iarratais nó CVanna, nuair is infheidhme, gurb iad an grúpa is oiriúnaí don phost. Scrúdóidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais nó CVanna de réir critéir réamhchinnte bunaithe ar riachtanais an phoist. Ní hionann sin agus a rá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó éagumasach chun tabhairt faoin bpost, ach seachas sin go bhfuil roinnt iarrthóirí ann ar cosúil go bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu agus/nó go bhfuil taithí ábhartha níos fearr acu, bunaithe ar a n-iarratas. Is ar mhaithe leat féin atá sé, dá bhrí sin, cuntas mionsonraithe cruinn a thabhairt ar do cháilíochtaí/do thaithí ar an bhfoirm iarratais/CV.

Má dhiúltaíonn duine dá ndéantar tairiscint dó/di, nó má dhiúltaíonn sé/sí é tar éis dó/di an post a ghlacadh, nó má thagann aon fholúntas breise chun cinn, féadfaidh ÚRCTC, dá rogha féin, iarrthóirí ón bpróiseas seo a mheas lena gceapadh chuig aon fholúntas comparáideach eile laistigh de thréimhse dhá mhí déag.

DÁTA DEIRIDH

Ní mór d'iarratas a chur isteach ar an tairseach iarratais ar líne faoi:
5pm an 28 Bealtaine 2024

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 24 uair an chloig ón iarratas a chur isteach, téigh i teagmháil le ahbrajobs@sigmar.ie.

Eiseofar nuashonruithe feachtais chuig do sheoladh ríomhphoist cláraithe, mar a iontráladh é ar an tairseach iarratais ar líne.

Moltar duit do ríomhphoist a sheiceáil ar bhonn rialta le linn an chomórtais agus tú a bheith cinnte, ina dteannta sin go seiceálann tú fillteáin dramhaíola/turscair más trí dhearmad a dhéantar aon ríomhphost a scagadh.

NA hACHTANNA UM CHOSAINT SONRAÍ, 1988, 2003 AGUS 2018

Soláthraíonn Sigmar Recruitment Ltd., ina cháil mar Phróiseálaí Sonraí, seirbhísí earcaíochta thar ceann an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC), an Rialaitheoir Sonraí. Cruthóidh Sigmar taifead i d'ainm, ina mbeidh faisnéise phearsanta a sholáthair tú. Ní úsáidtear an taifead sin ach chun d'iarrthóireacht a bhreithniú agus a mheas amháin, agus má éiríonn leat, cuirfear do chuid son sonraí pearsanta ar aghaidh chuig ÚRCCT. Tá próiseáil sonraí pearsanta faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2013 agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).
Faoin RGSC, tá ábhair shonraí a bpróiseálann ÚRCCT a gcuid sonraí i dteideal cearta áirithe a fheidhmiú maidir lena sonraí pearsanta. Is féidir leat iarratas a dhéanamh chun aon cheann de na cearta sin a fheidhmiú saor in aisce trí theagmháil a dhéanamh leis an OCS ag dpo@ahbregulator.ie. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin

dóigh a bpróiseálann ÚRCTC sonraí pearsanta, féach ár Ráiteas Príobháideachais le do thoil: https://www.ahbregulator.ie/legal-compliance/privacy-statement/

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin dóigh a bpróiseálann Sigmar do chuid sonraí pearsanta, athbhreithnigh an Ráiteas Príobháideachais le do thoil: https://www.sigmarrecruitment.com/privacy-statement.

Mura bhfuil tú sásta le láimhseáil iarratais ar Chosaint Sonraí a dhéanann tú le ÚRCCT, nó má chreideann tú go bhfuiltear ag teip ar ÚRCCT maidir lena chuid oibleagáidí um chosaint sonraí, déan teagmháil le OCS ÚRCCT le do thoil.

Tabhair do d'aire go bhfuil an ceart agat freisin gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí: https://forms.dataprotection.ie/contact.